

Gníomhaíocht OSIE – Tíreolaíocht

Ceapadh an acmhainn seo agus í bunaithe ar fhíseán Sheachtain Food Dudes, leibhéal idirmheánach, lá 1. Nascann an acmhainn seo leis an gcuraclam Tíreolaíochta le haghaidh grúpaí ranga i Rang a Dó, Rang a Trí agus Rang a Ceathair.

Teachtaireacht an Fhíseáin: Taispeánann an físeán le haghaidh an leibhéil idirmheánaigh, lá 1 go bhfuil go leor bealaí spráíula, folláine ann le torthaí agus glasraí a chur i do bhosca lóin. Taispeántar boscaí lóin ina bhfuil comhábhair shéasúracha Éireannacha.

Nascann an ghníomhaíocht seo leis na réimsí curaclaim a leanas:

OSIE > Tíreolaíocht > Tuiscint do spás

OSIE > Tíreolaíocht > Ag úsáid pictiúr, léarscáileanna agus cruinneog

OSIE > Tíreolaíocht > Scileanna imscrúdaithe tíreolaíocha

OSIE > Tíreolaíocht > Daoine agus críocha eile

Na Príomhthorthaí Foghlama:

- ✓ Is féidir an plean seo a roinnt agus é a mhúineadh i 3 nó 4 cheacht, nó roghnú ó na gnéithe anseo thíos:
- ✓ Ceacht 1 - Bia i séasúr a ghrúpáil
- ✓ Ceacht 2 - Bia as gach cearn den domhan
- ✓ Ceacht 3-4 - Tionscadal Taighde ar do Thír

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste...

- ✓ Roinnt feasachta a shaothrú faoi ainmneacha agus faoi shuímh roinnt tíortha Eorpacha ileith a chéile
- ✓ Roinnt cur amach ar léarscáileanna agus ar ghrianghraif a bhfuil scálaí agus cuspóirí ilghnéitheacha acu a shaothrú agus iad a chur chun úsáide praiticiúla
- ✓ Príomhghnéithe tíreolaíocha a aithint agus áiteanna a aimsiú ar an gcruinneog
- ✓ Imscrúduithe simplí a dhéanamh agus eolas a bhailiú ó fhoinsí ilghnéitheacha
- ✓ Staidéar a dhéanamh ar roinnt gnéithe d'imshaoil agus de shaol daoine i suíomh amháin san Eoraip agus i suíomh in áit eile sa domhan
 - ✓ suíomh na gceantar seo
 - ✓ na daoine agus na pobail a chónaíonn iontu



Gníomhaíocht OSIE - Tíreolaíocht



Seachtain Food Dudes

- ✓ teanga(cha)
- ✓ miotais agus scéalta, ealaín agus cultúr
- ✓ éadaí
- ✓ súgradh agus caitheamh aimsire
- ✓ gnéithe an imshaoil nádúrtha
- ✓ an chomhghaolmhaireacht idir saol na ndaoine agus na gnéithe seo
- ✓ lonnaíochtaí: bailte agus foirgnimh eile
- ✓ gnáthábhair thógála agus sainghnéithe
- ✓ bia agus feirmeoireacht
- ✓ obair agus láithreacha oibre
- ✓ cosúlachtaí le hÉirinn agus codarsnacht léi
- ✓ Tosú ar bhraistint a shaothrú ar a b(h)allraíocht den phobal áitiúil, de phobal an chontae, agus de na pobail náisiúnta, Eorpacha agus dhomhanda.

Treoirínte don Mhúinteoir:

Beidh físeán Lá 1 feicthe ag na daltaí, ina dtaispeántar smaointe le haghaidh torthaí agus glasraí séasúracha sa bhosca lóin.

- ✓ Taispeáin an acmhainn 'What's in season' ón mBord Bia dóibh mar áis amhairc: <https://www.bordbia.ie/whats-in-season/best-in-season/calendar/october>
- ✓ Iarr ar na daltaí an bhileog oibre anseo thíos a líonadh isteach nó déanaigí ar an gclár bán é mar rang. Sonraígí cé na torthaí agus na glasraí a bhíonn 'i séasúr' san Earrach, sa Samhradh, san Fómhar agus sa Gheimhreadh in Éirinn.
- ✓ Freagraí:

(Toisc go mbíonn go leor de na barra seo i séasúr ó cheann ceann na bliana, cuireadh i ngach/aon chatagóir chuí iad anseo)

- ✓ An tEarrach – Cóilis, Cairéid, Sútha talún, Biabhóg, Prátaí nua
- ✓ An Samhradh – Cuiríní dubha, Cóilis, Sútha talún, Biabhóg, Pónairí glasa, Prátaí nua
- ✓ An Fómhar – Úlla, Cál, Meacain bhána, Bachlóga Bruiséile, Cairéid, Cóilis, Biabhóg, Oinniúin
- ✓ An Geimhreadh – Cál, Meacain bhána, Bachlóga Bruiséile, Cairéid, Cóilis
- ✓ Ask iarr ar na daltaí plé a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga ar na tairbhí, dar leo, a bhaineann le bia a fásadh go háitiúil, nó a fásadh in Éirinn, a ithe agus an méid sin a scríobh sa spás anseo thíos. e.g. tacaíonn sé le feirmeoirí áitiúla agus a dteaghlaigh, tacaíonn sé leis an ngeilleagar áitiúil, cruthaíonn sé poist áitiúla, bíonn a fhios agat cá as don bhia a itheann tú, bíonn a fhios agat cé a d'fhás an bia, bíonn a fhios agat cén chaoi ar fásadh é, laghdaítear na hastaíochtaí iompair, etc.
- ✓ Iarr ar na daltaí tabhairt faoin ngníomhaíocht "[Bia as gach cearn den domhan](#)". Is féidir leo é sin a dhéanamh ina n-aonar, i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga. Is féidir leis na daltaí leas a bhaint as an idirlíon, ciclipéidí, léarscáileanna, cruinneoga, nó áiseanna eile atá ar fáil dóibh chun cabhrú leis an ngníomhaíocht.



An Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara
Department of Agriculture,
Food and the Marine



With financial support
from the European Union

Gníomhaíocht OSIE - Tíreolaíocht

- ✓ Nasc chuig físeán a thacaíonn le "Bia as gach cearn den domhan" https://www.youtube.com/watch?v=kS0liKgTh5Y&ab_channel=ProfessorPropeller%27sPlanet
- ✓ Tá Gníomhaíocht Sínte roghnach ag deireadh na bileoige (féach thíos), Tionscadal Saoránachta Domhanda. Is féidir tabhairt faoin ngníomhaíocht sin mar obair baile nó mar ghníomhaíocht ghrúpa.

Gníomhaíocht: Séasúracht a thuiscint

AN tEARRACH	AN SAMHRADH
AN FÓMHAR	AN GEIMHREADH

Cál
Meacain bhána
Bachlóga Bruiséile
Cairéid

Cóilis
Úlla
Cuiríní dubha
Sútha talún

Biabhóg
Pónairí glasa
Prátaí nua
Oinniúin



Lá a hAon | I dirmheánach, Rang a Dó, Rang a Trí agus Rang a Ceathair

Gníomhaíocht OSIE - Tíreolaíocht



Seachtain Food Dudes

Céard iad cuid de na tairbhí a bhaineann le bia a ithe nuair atá sé 'i séasúr', dar leat?

Céard iad cuid de na buntáistí a bhaineann le bia a fhástar go háitiúil nó in Éirinn a ithe, dar leat?

Gníomhaíocht: Bia as gach cearn den domhan

D'fhoghlaimíomar faoi chuid de na torthaí agus na glasraí a fhásann in Éirinn agus an tráth bliana a mbíonn siad 'i séasúr'.

Mar atá a fhios agaibh, is BREÁ leis na Food Dudes torthaí agus glasraí úra! Coinníonn siad an Fórsa Beatha láidir agus cabhraíonn sé leo na Junk Punks a chloí. Is é an Tráta an toradh is ansa le Tom. Is maith leis trátaí a ithe i sailéid, mar anraith, in anlann pasta... ingach rud beo! An raibh a fhios agaibh go mbíonn trátaí lán le lícipéin, agus gurb é sin anfáth a mbíonn siad dearg? Cabhraíonn lícipéin lenár gcroí a choinneáil folláin.

Is féidir linn trátaí a fhás anseo in Éirinn, ach fástar níos mó trátaí san Iodáil ná i dtír ar bith eile san Eoraip.



An Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara
Department of Agriculture,
Food and the Marine



With financial support
from the European Union

Lá a hAon | I dirmheánach, Rang a Dó, Rang a Trí agus Rang a Ceathair

Gníomhaíocht OSIE - Tíreolaíocht



Seachtain Food Dudes

Aimsigh Éire ar léarscáil na hEorpa. Cuir dath glas uirthi ansin.

Aimsigh an lodáil ar léarscáil na hEorpa. Féadfaidh tú cruinneog, léarscáil nó leabhar sa seomra ranga a úsáid chun cabhrú leat. Cuir dath dearg uirthi ansin.



Bain úsáid as an gcruinneog, léarscáil, leabhar nó idirlíon, agus cabhraigh le Tom níos mó a fhoghlaim faoin lodáil agus an bia a tháirgtear ansin.

Céard í príomhchathair na hIodáile? _____

Céard í an phríomhtheanga a labhraítear san Iodáil? _____

Cén t-airgeadra a úsáidtear san Iodáil? _____

An bhféadfá brat na hIodáile a tharraingt agus a dhathú?



An Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara
Department of Agriculture,
Food and the Marine



With financial support
from the European Union

Gníomhaíocht OSIE - Tíreolaíocht

Ainmnigh triúr cáiliúil ón Iodáil, agus an chúis a bhfuil clú agus cáil orthu:

- 1.
- 2.
- 3.

Ainmnigh trí bhia cháiliúla a thagann ón Iodáil:

- 1.
- 2.
- 3.

Déan cur síos ar an aimsir a bhíonn san Iodáil:

Ainmnigh dhá chosúlacht idir Éire agus an Iodáil.

Ainmnigh dhá dhifríocht idir Éire agus an Iodáil.

Nóta don Mhúinteoir – Gníomhaíocht Sínte Roghnach:

Tionscadal Saoránachta Domhanda Don obair baile nó mar ghníomhaíocht ghrúpa, is féidir tír amháin nach bhfuil san Eoraip a roghnú go randamach do na daltaí agus iarraidh orthu tionscadal taighde neamhspleách a dhéanamh ina scrúdaítear roinnt fíricí tábhachtacha faoin tír sin.

D'fhéadfaí príomhchathair, daonra, airgeadra, teanga(cha) na tíre sin a phlé. D'fhéadfadh na daltaí sonraí a thabhairt amhail bhrat na tíre, samplaí den fheisteas traidisiúnta, gnéithe den imshaol nádúrtha ann, an aeráid, torthaí agus glasraí a fhásann ann, aon bhia agus cleachtais feirmeoireachta thraidisiúnta, obair, spraoi, tithíocht agus aon daoine nó pobail dhúchasacha sa tír sin. Ba cheart do na daltaí léiriú a thabhairt ar shuíomh na tíre ar léarscáil.

D'fhéadfaí na tionscadail a chur i láthair mar "Comhad Fíricí", Póstaer nó Cur i Láthair aonair a bheadh le roinnt leis an rang, má tá daltaí sa rang a rugadh i dtír nach bhfuil san Eoraip, nó ar de bhunadh neamh-Eorpach iad.

